NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10597 – SMS / ALTOR FUND MANAGER / KAEFER HOLDING / KAEFER ISOLIERTECHNIK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 104/08)

1. An 24 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Altor Fund Manager AB ("Alter Fund Manager", an tSualainn);

— SMS GmbH ("SMS", an Ghearmáin);

— Kaefer Holding SE & Co. KG ("Kaefer Holding", an Ghearmáin);

— Kaefer Isoliertechnik ("Kaefer", an Ghearmáin), atá faoi rialú aonair Kaefer Holding faoi láthair.

Gheobhaidh Altor Fund Manager, SMS agus Kaefer Holding rialú comhpháirteach ar Kaefer de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas thuasluaite:

— Bainisteoir cistí ar ghrúpa cistí cothromais phríobháidigh is ea Altor Fund Manager, cistí lena n-áirítear Altor Fund V arb é sin an ciste de chuid Altor atá ag infheistiú in Kaefer;

— Cuideachta faoi úinéireacht teaghlaigh is ea SMS atá gníomhach i dtógáil gléasra agus innealra don earnáil mhiotalóireachta agus don earnáil teicneolaíochta rollála;

— Cuideachta faoi úinéireacht teaghlaigh is ea Kaefer Holding nach bhfuil aon leas gnó eile aige seachas Kaefer agus nach ngineann láimhdeachas taobh amuigh dá rannpháirtíocht in Kaefer;

— Soláthraíonn Kaefer seirbhísí insliúcháin agus réitigh rochtana (e.g. scafalra) chomh maith le cosaint dromchla agus seirbhísí cosanta éighníomhaí ar dhóiteáin. Chomh maith leis sin soláthraíonn Kaefer seirbhísí amhail seirbhísí leictreameicniúla, seirbhísí bainte aispeiste agus seirbhísí frithleighis do chliaint thionsclaíocha, nó seirbhísí feistiúcháin istigh do chustaiméirí atá gníomhach san earnáil tógála agus i longthógáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10597 – SMS / ALTOR FUND MANAGER / KAEFER HOLDING / KAEFER ISOLIERTECHNIK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË